**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 26 Márta 2024, ar Skype for Business**

I láthair: Seamus McCarthy (Cathaoirleach), Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, Rúnaí an Bhoird Iniúchóireachta

1. **Clár oibre a chomhaontú**

   Comhaontaíodh an dréachtchlár oibre. Comhaontaíodh freisin go ndéanfaí an t-athbhreithniú maidir le hábhar 9 loga nochta agus ábhar 11 bheartas maidir le nochtaí cosanta agus labhairt amach le chéile.

2. **Aon choinbhleacht leasa a thabhairt faoi deara**

   Níor tuairiscíodh aon choinbhleacht leasa maidir leis na hábhair a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. **Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, ábhair a tháinig chun cinn agus liosta gníomhartha**

   Comhaontaíodh miontuairiscí chruinniú an 10 Samhain 2023 a mhionleasú agus a cheadú lena bhfoilsiú ar inlíon agus suíomh gréasáin na hOifige.

   Rinneadh athbhreithniú agus plé ar an liosta gníomhartha.
   - Thug an Bord dá aire an dul chun cinn a rinneadh ar an tionscadal chun bunachar sonraí achoimre reachtach a fhorbairt agus iarradh go gcuirfí páipéar i láthair ag an gcéad chruinniú eile.
   - Chomhaontaigh an Bord, ag tosú leis an mbliain airgeadais dar críoch 2024, go n-áireofaí an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún mar iniúchóireacht ardriosca lena n-éilítear EQR bliantúil mar thoradh ar an gcastacht mhéadaitheach san eagraíocht. Dúnadh an pointe gníomhaíochta.
   - Chomhaontaigh an Bord an pointe gníomhaíochta a bhain leis an sainmhíniú ar an bhfocal ‘leathan’ a dhúnadh a mhéid a bhaineann sé lena chur i bhfeidhm in iniúchtaí feidhmíochta mar déantar é a phlé i mír 6 ar an gclár oibre don chruinniú seo.
   - Maidir le gá le próiseas doiciméadaithe foirmiúil chun meastóireacht a dhéanamh ar nochtaí, tá sé beartaithe go ndéanfar an cheist a phlé ag an lá as baile bliantúil de chuid an bhoird bainistíochta i mí na Bealtaine.

4. **Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

   Níor luaigh an Bord aon riosca nua atá ag teacht chun cinn.

5. **Clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar A)**

Luaigh an Bord an páipéar, inar tuairiscíodh trí sprioc eochairtháscaire feidhmíochta iniúchóireachta airgeadais na hOifige don bhliain 2023.

- Deimhníodh 97% de na cuntais, arna dtomhas de réir láimhdeachais, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 95%.
- Deimhníodh 66% de na cuntais, arna dtomhas de réir lín, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana, i gcomparáid leis an sprioc 70%. Phléigh an Bord na cúiseanna nár baineadh an sprioc sin amach agus na pleananna atá ann chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sa bhliain 2024.
- Bhí deich gcuntas deireadh bliana 2022 i riaráiste ag deireadh na bliana 2023, i gcomparáid leis an sprioc de 29 gcuntas ar a mhéad. Phléigh an Bord stádas gach iniúchta i riaráiste agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hiad a chur i gcrích a luaithe agus is féidir.

Phléigh an Bord cé acu atá nó nach bhfuil an sprioc do riaráistí fós in oiriúint toisc gur éirigh leis an Oifig í a chur i gcrích go furasta gach bliain le trí bliana anuas. Chomhaontaigh an Bord an sprioc a ísliú ó 29 n-iniúchadh ar a mhéad go 20 iniúchadh ar a mhéad. Beidh sé sin i bhfeidhm don bhliain 2025 toisc go raibh an sprioc don bhliain 2024 socraithe cheana féin mar 29 n-iniúchadh ar a mhéad.

Luaigh an Bord gur iarradh ar Ranna agus Oifigí a raibh leithreasaí ní ba lú ná €100 milliún acu sa bhliain 2023, ar bhonn deonach, a gcuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 11 Márta 2024 seachas faoi spriocdháta reachtúil an 31 Márta 2024. Fuair an Oifig 12 chuntas leithreasa, lena n-áirítear cuntas leithreasa ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, faoin 11 Márta as 22 chuntas a rabhthas ag súil go dtiocfadh siad faoin tairseach. Cuireadh ceithre chuntas eile isteach faoin Aoine an 15 Márta.

6. **Clár iniúchóireachta feidhmíochta (páipéir B agus B.1)**

Thug an Stiúrthóir Iniúchóireachta Feidhmíochta forléargas don Bhord faoi stádas na gcaibidlí don Tuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2023.

Thug an Bord dá aire gur cuireadh nuashonruithe i láthair maidir le stádas tuarascálacha speisialta leanúnacha iniúchóireachta feidhmíochta i bpáipéar B.

Phléigh an Bord páipéar B.1 agus comhaontaíodh an sainmhíniú ar an bhfocal 'leathan' maidir le hiniúchtaí feidhmíochta a bheith mar a leanas "*Feidhm nó gníomhaíocht nó saincheist atá coiteann idir trí cinn nó níos mó de chomhlachtaí iniúchta amhail bainistíocht eastáit, spriocanna forbartha inbhuanaithe nó iniúchóireacht inmheánach. Anuas air sin, cé go n-áireofaí Seirbhísí Comhroinnte leis, mar shampla, ní chomhlíonfadh go leor Ranna atá ag obair ar thionscnamh comhroinnte na critéir (e.g., an Roinn Sláinte agus an Roinn Tithíochta i mbun oibre ar thionscnamh cóireála drugaí).*"

7. **Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar C)**

Thug an Bord an páipéar dá aire agus chomhaontaigh sé na hathruithe a cuireadh i láthair. Thug na Stiúrthóirí an t-eolas is deireanaí ar an gcéad tréimhse cuntasaíochta agus sannadh an Leas-Stiúrthóir do roinnt iniúchtaí nua.

D'iarr an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nóta maidir leis an struchtúr dlíthiúil agus na socruithe riaracháin den Chiste um Chaidhp Margaidh nua, atá áirithe ar an liosta d'eintitis nua.

Comhaontaíodh na heintitis seo a leanas a bhaint de liosta na n-iniúchtaí nua toisc gur bunaíodh na heintitis agus gur sannadh an fhoireann iniúchóireachta.

- An Rialálaí Agraibhia (rialálaí i slabhra soláthair talmhaíochta agus bia)

Tá iniúchtaí ar chuntais deiridh na gcliant seo a leanas curtha i gcrích, agus mar sin baineadh de na táblaí iad.

- Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
- Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
- an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

**8. Nuashonrú reachtach ráithiúil (páipéir D agus D.1)**

Thug an Bord na páipéir seo dá aire.

Maidir le cruinnithe amach anseo, d'iarr an Bord go n-áireofaí comhthéacs breise sa nuashonrú reachtach maidir leis na hailt d'aon bhille nó d'aon acht ina ndéantar tagairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**9. Loga nochtaí (páipéar E)**

Thug an Bord dá aire na páipéir seo ina leagtar amach mionsonraí achoimre faoi chásanna nochta atá ar oscailt faoi láthair agus iad siúd a dúnadh ón gcruinniú deireanach i leith.

Roimh an gcéad chruinniú eile, déanfaidh na Stiúrthóirí athbhreithniú ar an loga leis an Leas-Stiúrthóir atá ábhartha do gach nochtadh d'fhonn clabhsúr a chur ar nochtaí níos sine áit ar cuireadh bearta leantacha ar shaincheisteanna i gcrích.

Phléigh agus d'fhormheas an Bord foilsiú na Tuarascála maidir le nochtaí cosanta ar shuíomh gréasáin na hOifige don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

**10. Athbhreithniú ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta (páipéar F)**

Thug an Bord dá aire an páipéar seo inar leagadh amach teagmháil na hOifige le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta le linn na bliana 2023. D'iarr an Bord go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpáipéar chun díriú ar ghníomhaíocht le linn na bliana 2023 amháin agus chun tagairtí do ghníomhaíochtaí sa bhliain 2024 agus roimh an mbliain 2023 a bhaint.

Thug an Stiúrthóir Iniúchóireachta Feidhmíochta an t-eolas is deireanaí don Bhord maidir le hobair Fhochoiste Iniúchóireachta Feidhmíochta INTOSAI.

11. **Nochtaí Cosanta agus Labhairt Amach - athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta (páipéir G agus G.1)**

Sa pháipéar, áiríodh athbhreithnithe beartaithe ar an mBeartas reatha um Nochtaí d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an mBeartas Labhairt Amach tar éis athbhreithniú bliantúil.

D'fhormheas an Bord an leagan athbhreithnithe den Bheartas um Nochtaí d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi réir roinnt leasuithe. Formheasadh an leagan athbhreithnithe den Bheartas Labhairt Amach, faoi réir aon athruithe comhaontaithe ag teastáil ar aon dul leis an mBeartas um Nochtaí, nuair is cuí. Foilseofar leaganacha comhaontaithe an dá dhoiciméad ar shuíomh gréasáin na hOifige.

**12. Cóiríocht oifige a thabhairt i gcuntas (páipéar H)**

Thug an Bord dá aire an páipéar, ina leagtar amach impleachtaí cuntasaíochta agus luach ar airgead maidir le treochtaí reatha sa mhargadh cóiríochta oifige. Tá saincheisteanna maidir le luacháil nó úsáid réadmhaoine ag teacht aníos i líon beag iniúchtaí airgeadais go dtí seo, ach is dócha go mbeidh tionchar níos leithne acu sna blianta romhainn. Thug an Bord dá aire go bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta ag athrú agus comhaontaíodh go gcoimeádfaí an t-ábhar sin faoi athbhreithniú.

**13. Cur chun feidhme na cuntasaíochta fabhruithe (páipéar I)**

Thug an Bord dá aire an páipéar, inar tugadh an t-eolas is deireanaí ar thionscadal an Rialtais chun ranna agus oifigí rialtais lárnacha (Vótaí) a aistriú go creat cuntasaíochta fabhruithe. Tá sé léirithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe go gcinnteofar go bhfuil bonn taca reachtúil ag an gcreat cuntasaíochta nuashonraithe agus ag an iniúchadh gaolmhar.  Ag an bpointe seo, tá an Roinn dírithe ar chur chun feidhme na naoi gcaighdeán a eisíodh cheana féin agus déanfaidh sí athbhreithniú ar an bplean atá aici maidir le cur chun feidhme caighdeáin eile, lena n-áirítear athrú reachtach, bunaithe ar an eispéireas ón gcéad chéim.

Táthar ag súil go bhfaighidh roinnt Vótaí maoluithe ó chaighdeáin áirithe. Chomhaontaigh an Bord gur ghá cinneadh a dhéanamh go luath maidir le cé na Vótaí a gheobhaidh maoluithe chun obair neamhriachtanach a sheachaint.

Comhaontaíonn an Bord gurb amhlaidh, más gá gach Vóta a bheith deimhnithe faoin 30 Meitheamh, nach mór do foilsiú na gcuntas leithreasa dhíchúpláil ón spriocdháta reachtúil do Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach do chomhlachtaí iniúchta a gcuntais leithreasa féin a fhoilsiú.

Scríobhfaidh an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun achoimre a thabhairt maidir le seasamh na hOifige mar a leagadh amach sa pháipéar agus thuas. Coimeádfaidh an Bord tuilleadh forbairtí faoi athbhreithniú.

**14. Aon ghnó eile**

Beidh an chéad chruinniú rialta eile ag an mBord Iniúchóireachta Dé hAoine an 12 Iúil 2024.